

Grúpa Cónasctha den Chlé Aontaithe Eorpach • den Chlé Ghlas Nordach



Tar chuig ár suíomh gréasáin agus bí linn ar aon cheann de na hardáin shóisialta seo thíos



TALMHAÍOCHT INBHUANAITHE AGUS IASCAIREACHT

Teastaíonn beartais talmhaíochta atá inbhuanaithe agus cóir uainn a thugann cosaint don chomhshaol agus a shábhálann pobail bheaga tuaithe. Caithfidh an beartas talmhaíochta stad de bheith ag déanamh damáiste do shlí bheatha na bhfeirmeoirí beaga agus stop a chur le tús áite a thabhairt don agraíocht.

Ar mhaithe leis an gcomhshaol agus le slí bheatha na ndaoine a bhíonn ag gabháil don iascach beag agus meánmhéide, caithfidh deireadh

a chur leis an ró-iascaireacht anois. Caithfidh cosaint a thabhairt do réigiúin chósta agus d'oileáin a bhfuil eárnálacha gníomhacha iascaigh iontu. Is beartas iascaigh atá uainn a mbeadh cuspóirí soiléire sóisialta agus eacnamaíochta ann agus a thabharfaidh isteach bearta a cheadóidh don eárnáil a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.



FÍOR-CHOMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DON FHORBAIRT

Caithfidh AE ról gníomhach a bheith aige sa chomhrac chun dianbhochtaineacht agus ocras a dhíothú sa domhan i mbéal forbartha. B'fhéidir go bhfuil trácht i mbeartas trádála AE ar chuidiú le tíortha i mbéal forbartha, ach is é a mhalairt atá fíor: táimid ag cur éilimh thrádála mhíchothroma orthu, agus ag méadú ar na héilimh sin! Teastaíonn beartas trádála uainn atá bunaithe ar aidhmeanna forbartha.

CEARTAS CÁNACH

Is cuma leis na scothaicmí é; ní éisteoidh ceannairí AE; cuireann na bainc ár gcuid airgid i bhfolach chun críocha cánach; agus tá gach lúb ar lár á n-úsáid ag na cuideachtaí ilnáisiúnta chun go seachnóidh siad cáin a íoc. Bíodh deireadh leis sin!! Tá na billiúin euro dár gcáin – a d'fhéadfadh íoc as seirbhísí poiblí – á gcailleadh gach seachtain. Éilimid ceartas cánach anois!



CEARTAS TRÁDÁLA

Ní fhágann saorthrádáil idir dhá chomhpháirtí go mbeidh an dá cheann níos fearr as i gcónaí. Bhí ról ag léirscaoileadh na trádála le scrios sóisialta agus éiceolaíoch ar fud an domhain. Táimid go dícheallach ag iarraidh a áirithiú go gcoinnítear na caighdeáin agus táimid i gcoinne comhaontuithe trádála idirnáisiúnta a dhéantar a chaibidliú go díreach ar mhaithe le mórghnólachtaí.

AN PHALAISTÍN

Teastaíonn saoirse, ceartas agus comhionannas ó na Palaistínigh. Leis na deicheanna de bhlianta, tá cearta an duine agus féinchinntiúchán diúltaithe ag Iosrael ar na Palaistínigh. Ós rud é go bhfuil forghabháil mhíleata Iosrael seanbhunaithe – le lonnaíochtaí, pointí seiceála, balla apartheid agus léigear neamhdhaonna ar Gaza – bhí freagairt AE rófhaitheach agus lean sé den ghnó mar is gnách le hIosrael. Táimidne ag seasamh i ndlúthpháirtíocht leis na Palaistínigh agus muid ag iarraidh go gcuirfí deireadh leis an bhforghabháil, go mbeadh lán-chomhionannas ann do shaoránaigh Phalaistíneacha Iosrael agus go mbeadh an ceart ag teigh Phalaistíneacha filleadh ar a bhfód dúchais. Ní mór do AE an Comhaontú Comhlachais le hIosrael a fhionraí agus bac a chur ar thrádáil le lonnaíochtaí go dtí go léireoidh Iosrael urraim dá chuid oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta.



AN CLÉ AONTAITHE EORPACH/AN CHLÉ GHLAS

Maidir leis an FPEanna atá sa Clé Aontaithe Eorpach/an Clé Ghlas Nordach, tá fíis acu de AE atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, ar chearta oibríthe, ar shíocháin, ar chomhionannas inscne, ar shaoirsí sibhialta, ar dhaonlathas agus ar fhreagracht chomhshaoil. Is sinne an t-aon grúpa i bParlaimint na hEorpa a bhfuil cothromaíocht inscne bainte amach inti.



DO CHEARTA Á GCOSAINN AR FUD NA HEORPA!



GABI ZIMMER

CATHAOIRLEACH, GUE/NGL

“Sa ghrúpa seo againne, tá Feisirí ó cheann ceann na mór-roinne ag obair as lámha a chéile chun an éagothroime agus an déine a chomhrac; chun an daonlathas agus cearta bunúsacha a chur chun cinn; chun oibrithe, imircigh agus iad siúd atá imeallaithe a chosaint; chun srian a chur leis na margaí airgeadais; chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun an comhionannas inscne, an tsíocháin agus an ceartas domhanda a chosaint. Is é sin an clár oibre atá againn. Ba mhian linn scéala a fháil uait faoi na bealaí a bhféadfaimid ionadaíocht níos fearr a dhéanamh ar do chuid leasanna agus ar na cearta atá agat ar mhaithe le sochaí chothrom. Gabh chuig ‘guengl.eu’ chun tuilleadh eolais a fháil agus teagmháil a dhéanamh linn.”



MARAÍONN AN DÉINE

Tá teipthe ar idé-eolaíocht na déine agus tá ag méadú ar an bhfianaise a thaispeánann go mbíonn cláir dhéine ina mbunchúis le géarchéimeanna agus gur i bhfad a mhaireann na géarchéimeanna sin dá mbarr. Is iad lucht an rachmais agus an nirt is mó a bhaineann sochar as an dúil sin atá ag ceannairí na hEorpa sa déine, dúil a chothaíonn córas eacnamaíoch ina mbrúitear riachtanais na margaí airgeadais chun tosaigh ar cheisteanna sóisialta. Ní mór dúinn anois, mar ábhar práinne, an beartas sin a iompú droim ar ais agus seasamh gualainn ar ghualainn agus poist a chruthú mar chuid de chóras eacnamaíoch a fhónann don phobal, seachas don bhrabús.



MEAS AR OIBRITHE

Is buille tubaisteach don lucht oibre iad beartais dírialála agus ciorruithe cánach do na gnólachtaí móra. In ainm na hiomaíochta agus na solúbthachta laghdaítear pá agus déantar creimeadh ar chearta na n-oibrithe. Cuirimis deireadh leis na hionsaithe sin ar chearta saothair!



GAN ‘DAINGEAN NA HEORPA’ A

Ní féidir leis an Eoraip neamhshuim a dhéanamh de chruachás na ndaoine sin a bhfuil saol níos fearr á lorg san Aontas acu, ná ní féidir léi a súile a dhúnadh ar na cúiseanna ar tugadh orthu teitheadh. Táimid ag comhrac ar son na saoirse gluaiseachta agus seasaimid i gcoinne ‘Dhaingean na hEorpa’. Ní mór don Eoraip a córas imirce agus tearmainn briste a chur ina cheart agus a chinntiú go bhfuil rochtain shábháilte agus dlíthiúil ag imircigh agus iarrthóirí tearmainn, agus úsáid víosaí daonnúla agus athlonnú iarrthóirí tearmainn san áireamh.



DLÚTHPHÁIRTÍOCHT

Bímis ag obair le haghaidh beartais níos cothroime do na tíortha i mbéal forbartha, ag comhrac ar mhaithe le cearta daoine gan stát, nó ag coinneáil brú ar AE i dtaca le ceisteanna a bhaineann le cearta an duine, níl aon staonadh orainn inár ndícheall Aontas Eorpach a bheith ann a chothaíonn caidreamh dearfach leis an gcuid eile den domhan.

AN TSÍOCHÁIN AR DOMHAN A CHUR

A Carta dos Direitos Fundamentais da UE estabelece os direitos protegidos na UE em seis capítulos: dignidade, liberdades, igualdade, solidariedade, cidadania e justiça. A Carta é juridicamente vinculativa para a UE. A Europa tem, pois, de estar à altura dos seus compromissos e responsabilidades no que respeita aos direitos humanos e à democracia, tanto a nível interno como externo. Neste contexto, defendemos de forma sistemática a privacidade dos utilizadores no âmbito das comunicações em linha e rejeitamos a pressão exercida pelos grupos de interesse das grandes empresas de tecnologia que tentam espiar os cidadãos para fins lucrativos.

CEARTA AN DUINE A CHOSAINN

I gCairt um Chearta Bunúsacha AE leagtar amach na cearta atá cosanta san Aontas faoi shé chaibidil: Dínit, Saoirsí, Comhionannas, Dlúthpháirtíocht, Cearta na Saoránach, agus Ceartas. Tá ceangal dlí ag an gCairt ar an Aontas. Caithfidh an Eoraip seasamh leis na tiomantais agus na freagrachtaí sin ó thaobh chearta an duine agus an daonlathais de, sa bhaile agus ar fud an domhain. Sa chomhthéacs seo, bímid go seasta ag cosaint phríobháideacht na n-úsáideoirí i réimse na cumarsáide ar líne, agus diúltaímid don bhrú ó ghrúpaí brústocaireachta Mór-Theice a fhéachann le bheith ag spaireacht ar na saoránaigh chun brabús a dhéanamh dóibh féin.

NÍL AON ÁIT DON NEAMHIONANNAS INSCNE SNA EORAIP



Chun go mbeadh fíor-chomhionannas inscne san Eoraip, caithfimid fáil réidh leis an mbearna phá idir na hinscní, troid ar son chearta LGBTI, rannpháirtíocht chomhionann sa chinnteoireacht a chothú, agus a áirithiú go bhfuil an chinnteoireacht uile fréamhaithe i bpeirspictíocht de

chomhionannas inscne. Tá seasamh á ghlacadh againn i gcoinne ciorrú ball giniúna ban, foréigean baile, gáinneáil ar dhaoine agus foréigean gnéis. Táimid gníomhach ar son chearta na gcailíní ar oideachas, aitheantas domhanda do chearta atáirgeachta ban agus don cheart tearmann a éileamh ar fhoras na géarleanúna inscnebhunaithe.



Dúinne, freisin, measaimid go bhfuil sé thar am ag AE agus ag na Ballstáit freagracht a ghlacadh i ndeireadh thiar i dtaobh an fhoréigin in aghaidh na mban agus é sin a dhéanamh le straitéis chomhleanúnach agus iomlánaíoch de chuid an Aontais.

EORAIP NÍOS GLAISE AGUS NÍOS

INBHUANAITHE

Tá an t-am ag éalú orainn chun bearta láidre a ghlacadh a rachadh i ngleic leis an athrú aeráide ar fud réimsí beartais uile AE. Ar an leibhéal domhanda, tá targaidí uailmhianacha uainn chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus bearta freisin chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha déileáil leis an ardú sna teochtaí domhanda. Caithfimid cosaint a thabhairt don bhithéagsúlacht san Eoraip agus fuinneamh in-athnuaite a bhrú ar aghaidh. Is é an fuinneamh in-athnuaite an todhchaí dúinn, ní hiad na breoslaí iontaise salacha.



COMHBHÁ AGUS DÍNIT

D'AINMHITHE

Seasamh suas dóibh siúd gan ghuth is ea an comhrac ar son chearta ainmhithe. Táimid in éadan fionnadh a úsáid, cleachtas seilge chruálacha, dálaí uafásacha i dtionscal na feola agus tástáil gan ghá ar ainmhithe. Dúinne, tá an ceart ag gach ainmhí go léireofaí urraim dóibh agus go mbeadh dea-bhail orthu.